Recording the Past:

The Annals of Inisfallen

Making of Irish History

Téacs i gcló mór

Réamhrá

Tá Annála Inse Faithlinn ar na foinsí is tábhachtaí dá maireann againn do stair na meánaoise in Éirinn. Tá tuairisc iontu ar ríthe, ar mhainistreacha, ar aighneas agus achrann, agus ar na himeachtaí a mhúnlaigh an tír, agus cúige Mumhan go háirithe, sa tseanaimsir. Tá baint ag na hannála seo le hImleach, le Lios Mór agus go háirithe le Inis Faithlnn i gCill Airne.

Tá tugtha le chéile sa taispeántas seo: an lámhscríbhinn, an t-oileán inar scríodh cuid mhaith di, agus an saol mór atá mar fhráma tagartha aici. Cuireann bun-iarsmaí seandálaíochta, fuaim, scannán, fearas digteach agus léirithe idirghníomhacha, cuairteoirí i gcumas ar léamh a dhéanamh ar na daoine, an tírdhreach agus an meon atá ina dtimpeallacht chultúrtha ag Annála Inse Faithlinn.

Agus Annála Inse Faithlinn á réiteach taobh le haimsithe seandálaíochta chomh maith le trácht ar imeachtaí

comhaimseartha an tsaoil mhóir, cuireann an taispeántas an lámhscríbhinn i láthair mar leabhar a chaitheann solas ar shaol atá ina ábhar taighde, léinn agus samhlaíochta i gcónaí.

Small Sisk – Focus on the Annals of Inisfallen

Panels

Panel 1

Stair ar Pár - 1450 AD

Ba sna luath-mhainistreacha in Éirinn a tosnaíodh ar thuairiscí gonta, a dtugtar Annála orthu, a choimeád ar mhór-imeachtaí na bliana. Áireamh bliantúil Laidine ar phearsana móra le rá a fuair bás sa mhainistir nó i mainistreacha eile, nó thar lear ar uairibh (i gcás Annála Inse Faithlinn, mar shampla, Bede (735) nó Proinsias [Naofa] (1226)) ba bhun leis na hannála. Do réir a chéile tógadh ceann d'imeachtaí comhaimsire tuata chomh maith go dtí go mba líonmhaire an lua ar na himeachtaí tuata sin ná ar imeachtaí eaglasta. In Annála Inse Faithlinn tagann an Ghaeilge chun cinn mar theanga an leabhair ón 7ú haois ar Aghaidh.

Stair ar Pár - 1450 AD

Na hAnnála Gaelacha is mó cáil inniu, cóipeanna is ea iad de bhuncháipéisí nach maireann a bhformhór a thuilleadh. Eisceacht is ea Annála Inse Faithlinn mar cé gur cóip de shean-chroinic in aon láimh amháin atá sa chuid tosaigh de, scríbhinní comhaimseartha is ea a bhfuil sa lámhscríbhinní ón mbliain 1093 go dtí an deireadh (1450). Nach mór deichniúr ar fhichid de scríobhaithe a bhreac an chuid chomhaimseartha sin, iad ag scríobh leo ar dhuilleoga meamraim de chraiceann gamhna. Is iad seo na hAnnála comhaimseartha is Luaithe dá bhfuil againn.

Caoga seacht nduilleog de chraiceann lao atá sa lámhscríbhinn seo inniu. Meastar gur i Mainistir an Leasa Móir, sna Déise, a tháinig na hAnnála seo i bhfoirm, agus na scríobhaithe ag tarraingt ar ábhar luath a bhí curtha le chéile ar dtúis i gCluain Mhic Nóis agus ina dhiaidh sin i Mainistir Imligh (i gCo. Thiobraid Árann anois). Go luath sa 12ú haois

is ea a aistríodh an saothar go hiarthar Mumhan, go dtí an mhainistir ar Inis Faithlinn I Loch Léin.

Stair ar Pár - 1450 AD

Finné súl is ea an lámhscríbhnn neamhchoitianta seo – Annála Inse Faithlinn – ar ré chorrach i stair na hÉireann. Lena linn is ea a tharla tiarnaí Deasmhumhan agus Tuadhmhumhan in earraid le chéile. I gcomhthráth leis sin bhí athnuachain na hEaglaise ar siúl in Éirinn, agus í ag druidiúint níos mó i dtreo na Róimhe ina nósanna agus ina cleachtais. Agus is lena linn chomh maith, ó 1169 ar aghaidh, a tháinig na Normannaigh i dtír, eachtra a d'athraigh cló na tíre go léir ó bhonn. Tá caint ar na nithe sin sna hannála seo, agus fianaise thathagach ar an athrú aimsire agus ar ghlacadh luath leis an gcultúr Normannach is ea géilleadh na scríbhinne Gaelaí don scribhinn Eorpach sa dara leath den 13ú haois.

Stair ar Pár - 1450 AD

Foinse ghann luachmhar is ea Annála Inse Faithlinn don nGaeilge nach Gaeilge na litríochta í ón ré roimh an 14ú haois. Díolamaí próis agus filíochta, de bhunadh tuata agus eaglasta, is ea an dornán de lámhscríbhinní eile a mhaireann againn ón aimsir sin. Seo é ár gcéad leabhar staire, leabhar nach bhfaighfí luach a chur air, seod de dhúchas saibhir na nGael ó aimsir na meánaoise.

Captions for Manuscript Open Folio

Beirt scríobhaí

Ar an dá leathanach seo tá tuairisc ar imeachtaí 1172 (cuid di) go 1178 (cuid di). Saothar beirte atá i gceist: críochnaíonn an chéad scríobhaí acu ar an gcúigiú líne den dara colún ar an leathanach ar chlé. Tosnaíonn an dara scríobhaí ar an line díreach ina dhiaidh sin.

Cuireann scríobhaithe déanacha leis na tuairiscí sin in imill an dá leathanach. Ar an ábhar sa nóta imill in íochtar an leathanaigh ar chlé tá marú Thomáis Bheannaithe [Canterbury] agus é luaite le 1174 tré bhotún. In imeall an leathanaigh ar dheis tá rann Gaeilge, i scríbhinn Angla-Normannach, ar bhás Chormaic Mhic Carthaigh a maraíodh go cam in 1176.

Leagan amach

In dhá cholún atá an t-ábhar seo réitithe. Leagan amach é sin a bhí coitianta sna lámhscríbhinní meamraim mar gur chuir na línte gearra na scríobhaithe i gcumas ar smacht níos fear a bheith acu ar an gcur i láthair. Tá scéala báis triúir easbag, agus trí chomhartha croise taobh leo, sa chéad cholún den leathanach ar chlé. Sa dara colún den leathanach céanna cuireann an scríobhaí nua é féin I láthair le dúch trom ar an gcéad dá line (línte 6–7).

Dátaí

Chun ná cuirfí spás amú ar an meamram luachmhar, is minic a dhéantar focail choitianta a chiorrú. Cuirtear tús le gach Tuairisc bhliantúil leis an nod ‘K’ nó ‘Kl’. Ciorrú é sin ar an bhfocal do chéad lá na bliana ‘Kalendae’ / ‘Kalendae Ianuarii’, nó ‘Kalendae Eanáir’ mar atá sa dá leathanach seo. Do réir chórais Annála Inse Faithlinn, i ndiaidh an Kl ainmnítear lá (*feria*) na seachtaine ar ar thosnaigh an bhliain, agus ina dhiaidh sin arís tugtar aois na ré (an *epact*) ar an lá áirithe sin. Ach na sonraí sin a bheith ag duine, dob fhéidir Aois ár dTiarna (AD) a dhéanamh amach. Is go déanach a cuireadh na blianta AD le tuairiscí na leathanach seo, agus ní l gcónaí a bhíonn siad cruinn. Mar seo a chuirtear tús leis an gcéad iontráil iomlán ar an leathanach ar chlé (line 6): ‘Kalendae Eanair for Luan agus xiii fuirri’ (‘Lá Caille ar an Luan, agus trí [lá] déag uirthi [.i. an ré]’). Tugann na mionuimhreacha

rómhánacha le hais cuid de na Kalendae le fios dé méid blian ó bhí bliain bhisigh ann.

Ábhar

Taobh amuigh d'fhógraí báis na n-easbag, ár agus slad ó cheann ceann na Mumhan is ábhar dá bhfuil ar an dá leathanach seo. Níorbh aon nuaíocht riamh í cogaíocht na gcomharsan agus na gcarad, agus ag cur leis sin sa tréimhse seo bhí an teidhm mhór a threascair na slóite in 1173, é sin agus goimh leanúnach na Normannach. Tá tuairisc an chatha a bhuail Domhnall Ua Briain orthu i nDúrlas Éile in 1174, inar maraíodh breis agus 700 dá n-arm, le fáil ag bun an chéad cholún agus barr an dara ceann sa leathanach ar chlé. Baineann formhór an leathanaigh ar dheis leis an gcogadh idir Tuamhumhain agus Deasmhumhain sa mbliain 1177, agus le creachadh Chorcaí agus na nDéise.

Téacs: Prof. Pádraig Ó Macháin

1: f. 1r

Ar aon dul le formhór lámhscríbhinní meamraim na Gaeilge, fágadh Annála Inse Faithlinn gan chlúdach go dtí an seacht ú haois déag; agus tá a rian sin ar dhuilleoga tosaigh agus d eiridh anleabhair inniu. Ní haon dea-chrut atá ar ana leathanaigh sin, iad creimthe ag ainmhithe agus aimsir. Tá dhá dhuilleoig ar iarraidh ó thosach an leabhair, agus a thuilleadh fós óna lár istigh. Tosnaíonn an téacs le stair an domhain do réir an tSean-Thiomna.

Ba mhór ag scoláirí na Meánaoise comhaimsearthacht each traí an Bhíobla agus eachtraí réamh-stair na hÉireann.

Aon scríobhaí amháin a scríobh ábhar ff. 1–29r den leabhar anuas go lár na bliana 1092. Meastar gur i Mainistir an Leasa Móir a bhí sé lonnaithe.

Baineadh leas as an imeall íochtair chun dán le Fiangal éigin a bhreacadh: níl ach na trí rann deiridh anseo, agus caithfidh gur ar na leathanaigh atá caillte a bhí an chuid tosaighde.

2: f. 11v

Leabhar feidhmiúil é Annála Inse Faithlinn, gan aon ró-bhéim ar an maisiú. Mar sin féin, scríobhaithe oilte ab ea na daoine go léir a scríobh an leabhar. Sa chuid de a mheastar a scríodh sa Lios Mór tá dea-chuma ar an bpeannaireacht agus dath curtha ar na cinnlitreacha, go háirithe an Kl tosaigh. Sa leathanach seo romhainn tá cineálacha éagsúla den dath dearg curtha ar na cinnlitreacha, agus na dathanna tréigthe go maith le himeacht aimsire.

Ciorrú ar ‘Kalendae Ianuairii’ is ea *K* agus *Kl* na n- annála, agus cuireann sé sin tosach bliana nua in úil. Ní nach ionadh, tháinig an focal ar iasacht isteach sa Ghaeilge agus maireann

a shliocht sa téarma ‘Lá Caille’; bunfhoinse an fhocail calendarium is ea é, leis, a tugadh isteach sa Bhéarla sa bhfoirm calendar.

3: f. 14v

Tosnaíonn tagairtí sna hannála do
na Danair (ar a dtugtar *geinte* ‘págánaigh’) ag deireadh an 8ú haois. Ar líne 15 den dtríú colún ar an leathanach seo tá tuairisc (a gheibhtear in annála eile,
leis) ar shlad Sceilig sa mbliain 824 agus ar fhuadach duine dárbh ainm Étgal, ball
den gcomhthionól, a fuair bás den ocras ar ball: ‘Scelec do orgain do gentib ocus Etgal do brith i mbrait co n-erbailt gorta léo’. San iarsma den dán atá in imeall f. 1r, tá tagairt do Étgal a bheith á chrá.

4: f. 23r

Tá radharc maith againn sa leathanach seo ar conas a leag adh amach téacs na lámhscríbhinne. Deineadh an pár a rial ú suas síos agus trasna le bior (bior tirim). Tá poill bheaga l e feiscint ag bun agus ag barr an leathanaigh a bhí mar thre oir do na línte ingearacha, na línte a choimeád na colúin faoi smacht. Ar líne 25 den dtríú colún tá ceann fo eite le feiscint, cuma S air agus a thóin chun tosaigh. Áis choitianta shean-bhunaithe, sa dán agus sa phrós, ab ea an ceann fo eite chun leas a bhaint as spás a bhí fágtha i ndeireadh líne áirithe tré ghlacadh le téacs ón líne faoina bhun. Is mó crut atá ar an gcomhartha seo sa lámhscríbhinn seo. D'fhan an áis in úsáid go dtáinig deireadh le ré an mheamraim i dtús an 17ú haois.

San imeall íochtair tá blúire téacs a bhí ligthe ar lár tré bhotú n ag an scríobhaí. Tá comhartha i gceann an bhlúire sin – tr í phonc agus lúibín – agus a mhacasamhail i mbosca taobh

le líne 15

den dara colún, a chuireann in úil cár cheart an líne a chur isteach. *Signe de renvoi* a thugtar ar an gcomhartha ceartaithe seo.

5: f. 32v

Chomh maith le tuairiscí báis, cogaidh agus pláighe a thabh airt, thóg lucht na n-annála ceann d'iontais an tsaoil mhóir. Tá dhá iontas luaite (i bhfoirm dhátheangach) taobh le taobh faoin mbliain 1105, l ínte 12–23 den gcéad cholún anseo: camall a bhronn Rí Alban ar Rí Éireann (*Isin bliadain sin tucad in camall quod est animal mírae magnitudinis o ríg Alban do Muircertach U Briain),* agus iasc ollmhór, a raibh faid cúig troithe déag ann, ar mharaigh iascairí i gcuan Lumnigh é *(Eodem anno apprehensus est piscis inauditae magnitudinis a piscatoríbus*

in mari Lumnig, qui potuit metiri .xu. pedibus agus da unge tomais fríd da cind).

6: f. 36v

Rud eile ar chuir lucht na n-annála suim ann ná an aimsir, go háirithe nuair a bhí go dona ceart nó thar barr ar fad. Is iad na hannála an fhoinse is sine dá bhfuil againn d'fhaisnéis na haimsire in Éirinn. Sa mbliain 1221, mar shampla, tá tagairt do 'in gaet[h]ach mór', oíche ghaoithe móire sa mbliain sin inar deineadh an-díobháil do thithe, d'eaglaisí agus do choillte, agus a chuir scata long go tóinn poill.

I ndeireadh an cholúin láir ar an leathanach seo tá tuairisc a r theas mór a tharla i samhradh na bliana 1129, agus a d'fhá g ganntanas uisce, agus ainmhithe marbh den dtart: 'Samra d te isin bliadainsa inra traicset usce Erenn ocus ra bi ar for cethraib acus inilib.'

7: f. 39v

Do réir mar a ghabhann tuairisciú comhaimseartha na n-annála ar aghaidh bíonn faid agus stíl reacaireachta le tabhairt faoi deara ar chuid de na hiontrálacha; sa cheann seo, mar shampla, a eachtraíonn slad a deineadh ar Inis Faithlinn féin (a nglaotar ‘párthas’ air) sa mbliain 1180:

- Daronad isin bliadin so gním is mór tocrád do chlerchib Héren huli .i. Inhis Faithlind do arcain do Mael Dúin mc. Domnaill Hua Donchada ocus hi rrabi inti d'inmas segulda ar comirge a némb ocus a clerech ocus a tempul cossecartha do brith dó lais. Ro theclaim ém ór ocus arget, scingeda ocus bruttu ocus matlu larmuman cen nach remechad do Dia ná do daínaib lais acht nir léic trocari Dé dó daíne do marbad nó aidme eclastacda no libru do lomrad asin pharthus intamligthech.

8: f. 40v

Cuis gháire i seomra lámhscríbhinní na mainsitreach. Cuire ann scríobhaí amháin a shaothar i gcrích agus fágann teach taireacht neachoitianta don té a leanfaidh é le tuairisc na co da eile den mbliain 1193 in
am trátha. Ráiteas iaróineach sa Laidin is ea é, faoi cheilt in ogham, á chur in úil nach éinní le moladh é an bochtanas: ‘Numus honoratur sine numo nullus amatur’
(‘Bíonn meas ar an airgead, agus an té a bhíonn gan airgea d bíonn faoi dhroch-mheas’).

Tugann an chéad scríobhaí eile scéala báis Easpaig Iarmhumhan, Domhnall Úa Connairchi, agus cuireann crois san imeall taobh leis mar chomhartha. Deineann amhlaidh arís sa chéad cholún eile le hais tuairiscí báis Dhomhnaill Uí Bhriain, Rí Mumhan (1194), agus Uí Chonuinc, Easpag Chille dá Lua (1195). Gné choitianta d’Annála Inse Faithlinn is ea na comharthaí seo.

9: f. 44v

Tá solaoid annamh den insint dhíreach sna hannála sa chéa d cholún (línte 7–11) mar a dtugann Ó Néill an t-eiteach do theachtairí Rí Shasana a bhí ag lorg bráide air in 1210 mar gheallúint umhlaíochta: Ocus adubairtsium: ‘Imtigidsi, a Gullu,’ ar se, ‘agus ni tibeórsa brágdi a churs’dúbsi idir, a Gullu,’ ar se. Ra imtigedar na Gaill, ocus ní tucsam brágdi dun ríg.

Is beag lámhscríbhinn mheamraim nach mbíonn rian déanta an pháir le tabhairt faoi deara uirthi. Ar na comharthaí sin tá na poill bheaga agus mhóra a thagann sa chraiceann nuair a bhaintear den ngamhain é, nó nuair a bhaintear an clúmh agus an fheoil den seithe ar ball. Le scian a dheintí é sin agus uaireanta tharlaíodh go bpolltaí an craiceann tré chiotrainn agus go leathadh an poll nuair a dheintí an craiceann a shíneadh ar an bhfráma. Bíonn na poill sin le feiscint fiú sna leabhair is mó le rá ar nós Leabhair Dharú

agus Cheanannais. Dá gcasfaí poll air sa scríobh dó, ní dhéanfadh an scríobhaí ach dul timpeall an phoill, mar a tharla i gcás na gceithre bpoll atá i gcéad cholún an leathanaigh seo.

Ag bun an dara colún tá dhá *signe de renvoi* in úsáid chun blúire breise a chur leis an dtéacs atá seacht line ón ndeireadh. Ceann de na comharthaí sin ná méar ar eolas, luathshampla dá leithéid i leabhar Gaeilge. (Sa bhearna idir an dá cholún chífear luathshamplaí den bhfleiscín chun focal briste thar dhá line a léiriú. Tosnaíonn an nós seo in Annála Inse Faithlinn faoin mbliain 1174.)

10: f. 47r

Tar éis dó grinnstaidéar a dhéanamh ar an leabhar, d'áitigh an Dr R.I. Best i 1933 go raibh a lorg fágtha ag tríocha naoi de scríobhaithe aonair ar Annála Inse Faithlinn, gan trácht orthu siúd a chuir leis thall is abhus chomh déanach leis an

16ú haois ina dhiaidh sin. Gné shuaithinseach de dhuilleoga 47 go 51r is ea an Ghaeilge a bheith á breacadh i scríbhinn agus i litriú Angla- Normannach idir na blianta 1252–1300, dhá ghlúin nó trí tar éis do na Normannaigh cos a leagaint ar dtús ar fhód na hÉireann. Léiriú is ea é ar a luaithe is a tharla cleamhnas idir an dá chultúr. Scéal de scéalta 1259 ab ea Galar na Placóide, casachtach a bhuail daoine agus eich: ‘Cossachgtagh cotkenn isy bledgin so ar dinib acus er ekybh risin nabirtha galar na placodi’ (f. 47r, dara colún, línte13–16).

Cuardaigh domhan mór na nAnnála

Fianaise neamhchoitianta ar Éirinn sa mheánaois atá le fáil in Annála Inse Faithlinn. Deineann an chuid seo den dtaispeántas an scéal sin a chíoradh. Tré ábhair seandálaíochta, agus tré theicneolaíocht dhigiteach agus fhuaime, is féidir le cuairteoirí an gnáthshaol agus an saol spioradálta ar Inis Faithlinn a rianadh. Tagann samhlaoidí agus fuaim le chéile i scannán chun timpeallacht an oileáin a chur in iúl; cuireann taifeadadh Gaeilge agus Béarla beatha i bhfriotal na nAnnála. Tugann iarsmaí seandálaíochta agus eiseamláirí 3D nithe chun solais a bhí in úsáid ag daoine a chuir fúthu agus a shaothraigh sa mhainistir i gcomhaimsirle scríobh na nAnnála.

Is é atá sa phíosa fuaime, taifeadtaí ar cheol na n-éan agus ar uisce a deineadh ar Inis Faithlinn, in éineacht le taifeadadh ar Phádraig Ó Macháin agus giota as na hAnnála á léamh

aige, agus an méid sin á thionlacan ag fuaim chaolchúiseach an ghrafa chun samhailt d'annálaí manaigh a chruthú agus é i mbun oibre.

Cruthaíonn an líne ama comhthéacs idirnáisiúnta do dhéanamh na lámhscríbhinne, agus leagann béim ar eachtraí a mhúnlaigh domhan na meánaoise ach nach bhfuair slí sna hAnnála féin.

Is féidir le cuairteoirí leabhair ar lámhscríbhinní agus ar chultúr na meánaoise a bhreithniú, leabhair a spreagfaidh tuilleadh taighde agus nuafhianaise.

Ag ceann scríbe tá deis le tapú páirt a ghlacadh sa taispeántas. Agus na sean-scríobhaithe á spreagadh, beidh ar cumas cuairteoirí annáil ghairid dá gcuid féin a cheapadh agus a dtuairim de na scéalta, na daoine agus na loganna a casadh orthu sa taispeántas a nochtadh.

Agus gach gné á cur san áireamh, deineann an taispeántas léiriú ar dhomhan Annála Inse Faithlinn mar áit naofa, léannta, agus ardmheabhrach a n-aithnítear a lorg fós inniu

Éist!

Éist le Pádraig Ó Macháin agus giotaí as Annála Inse Faithlinn a leámh aige, agus lena n-aistriúcháin sin á léamh ag Cáit Pléimionn.

Eiseamláir chlóite

Eiseamláir chlóite 3D den séipéilín Gael-Rómhánda ar Inis Faithlinn, Loch Léin, Co. Chiarraí. Tré fhótagraiméadracht is ea a cruthaíodh an eiseamláir chlóite 3D ó ghrianghrafanna agus ó scannánaíocht físeáin a glacadh ar an oileán le ceamara 360, DSLR agus dordán, arna scáthú in Meshroom.

Eiseamláir chlóite 3D de Chrois Chruinn Cheilteach a fuarthas i Loch Léin agus atá anois i gceartlár an tséipéilín in Inis Faithlinn. Tré fhótagraiméadracht is ea a cruthaíodh an eiseamláir chlóite 3D ó ghrianghrafanna agus ó scannánaíocht físeáin a glacadh ar an oileán le ceamara 360, DSLR agus dordán, arna scáthú in Meshroom.

Eiseamláir chlóite 3D den doras sa séipéilín Gael-Rómhánda ar Inis Faithlinn, Loch Léin, Co. Chiarraí. Tré fhótagraiméadracht is ea a cruthaíodh an eiseamláir chlóite 3D ó hrianghrafanna agus ó scannánaíocht físeáin a glacadh ar an oileán le ceamara 360, DSLR agus dordán, arna scáthú in Meshroom.

Bunús na nAnnála agus Conas Teacht ar a bhFuil Iontu

Ní chloistear scéal ar na hAnnála ón am a chaitheadar ar Inis Faithlinn go dtí go bhfuair James Ware (1594 –1666) seilbh

orthu. Staraí ar Éirinn, polaiteoir agus bailitheoir leabhar ab ea Ware. Bhíodh glaoch aige ar scoláirí Gaeilge – An Dubhaltach Mac Fhirbhisigh (1600–1671) ina measc – chun cur lena chuid eolais. B'é Ware a d'fhéach chuige go gcuirfí ceangal ar an leabhar. Ina dhiaidh sin ghaibh na hAnnála ó bhailitheoir go chéile gur thit chun Richard Rawlinson (1690–1755), ársaitheoir Sasanach. D'fhág Rawlinson a leabharlann mhór le huacht ag Leabharlann an Bhodleian in Ollscoil Oxford. LS Rawlinson B 503 a huimhir thagartha.

Sa mbliain 1933 is ea a d'fhoilsigh Acadamh Ríoga na hÉireann macasamhail d'Annála Inse Faithlinn, agus réamhrá curtha leis ag R.I. Best agus Eoin Mac Néill. Dhein Seán Mac Airt eagrán agus aistriúchán de na hAnnála a foilsíodh i 1944; tá fáil ar an eagrán sin i riocht digiteach ar shuíomh idirlín CELT (celt.ucc.ie) i gcónaí. Thug Brian Ó Cuív tuairisc chuimsitheach ar an lámhscrbhinn mar chuid dá chlár ar lámhscríbhnní Gaeilge Oxford sa mbliain 2001. Ón mbliain

2015 tá macasamhail dhigiteach den lámhscríbhinn le fáil tré ‘Digital Bodleian’ (digital.bodleian.ox.ac.uk). Bíonn rochtain dhigiteach ina cabhair chun an lámhscríbhinn a chaomhnú agus í á cur ar fáil don saol mór san am gcéanna i dtreo go mbainfí taitneamh aisti agus ar mhaithe le taighde, teagasc agus léann.

Ard-Mhúsaem na hÉireann

Ón luathmheánaois don diosca. Tá an-chosúlacht ag an gciumhais idirláis atá ar an ngléas seo le maisiú bhabhla cruinn an litir P ar leathanach Peccavimus in Cod. Sang. 1395 ón 9ú haois. Ar shuíomh mhainistir Inse Faithlinn a aimsíodh an diosca agus tochailt ar siúl i gcorp na heaglaise sa 19ú haois.

Gléas de chóimhiotal copair ar chuma diosca, Inis Faithlinn, RIA1899:21, Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá corp an ghléis seo greanta ó chnámh, agus d'fhéadfadh gur éan nó iasc atá i gceist, agus loganna cruinne ann i gcomhair na súl ar de ghloine nó d'ómra iad. Móitífeanna Gael-Urnesacha atá mar mhaisiú ar an dromchla. De chré-umha teilgthe an t-eireaball gabhlánach. Ligeann an poll ina lár an rud a ghléasadh ar chrann cré-umha. Taibhsítear gur chuid de mhaisiú ab ea é ar ábhar eile liotúirgeach. Ón 12ú haois don ngléas agus taobh thiar den altóir in eaglais Inse Faithlinn a aimsíodh é.

Gléas míolchruthach de chré-umha agus de chnámh, Inis Faithlinn, 1894:11, Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Ón 11ú haois don mbachall. Is dóichí gur choimisiúnú ab ea í mar shlat oifige do chléireach sinsearach éigin. Fuarthas an bhachall ar ghrinneall Abha na Leamhna sa mbliain 1867 i bhfoisceacht Locha Léin, ach samhlaítear le hAchadh Deo agus le hInis Faithlinn í. Tá sí ar na bachalla is foirfe dá bhfuil

againn ón luathmheánaois in Éirinn, agus ar na hábhair is mó maisiú dá maireann ó Éire na tréimhse sin. Tá áitithe ag an Dr Griffin Murray, ós rud é gur comhaois don mbachall agus don damhliag is sine ar an oileán, gur léiriú is ea í ar ghustal na mainistreach san am. An tSiúr Margaret Cousins, Scoil na hEalaíne, Clochar na Toirbhirte, Trá Lí, a dhein an t-uiscedhath ar scála 1:1 den mbunbhachall. Dhá phictiúr a ghraf an tSiúr Máiréad: ceann i gcomhair Mhúsaem Kensington, Londain, agus an ceann eile d'Ard-Mhúsaem na hÉireann. Uiscedhath, Bachall Inse Faithlinn (Abha na Leamhna, gar d'Inis Faithlinn, Co. Chiarraí).

Arna tharraingt ón mbunbhachall leis an tSiúr Margaret Cousins, Scoil na hEalaíne, Clochar na Toirbhirte, Trá Lí. 2017C1:108.

Scannán

Radharc ó fhuinneog an tséipéilín ar Inis Faithlinn atá sa phíosa físeáin. Tá léirithe ann gluaiseacht bhog chrann agus uisce, agus an t-achar maranach inar cumadh na hAnnála á chur in úil.

Leabhar na Lúb

Tabhair baothléim isteach i saol agus i scéal na lámhscríbhinní chun tuiscint níos fearr a fháil ar scríobhaithe, ar scríobhnóireacht ardoilte, ar an ndearadh Ceilteach agus ar an bpeannaireacht.

Tuairisc ar mhórimeachtaí an tsaoil

Tuairisc ar mhórimeachtaí an tsaoil tré shúile na nGael atá sna hAnnála. Nuair a bhí na hAnnála seo á mbreacadh bhí a mhórimeachtaí féin ag titim amach sa domhan mór. Cuireann

an líne ama seo imeachtaí suaithinseacha an domhain taobh le dátaí atá luaite sna hAnnála. Bíodh is nach dtagraíonn na hAnnála do fhormhór na n-imeachtaí seo, cuireann siad i gcuimhne dhúinn nach ar scarúint ón domhan mór a bhí saol na hÉireann.

79: Pléascadh Vesuvius agus scrios Pompeii agus Herculaneum dá dheascaibh

105: Páipéar a dhéanamh sa domhan thoir don gcéad uair.

122: Tógáil Falla Hadrian

301: Boilsciú ag dul ó smacht in Impireacht na Róimhe: 'Ordú um Uas-phraghasanna' a eisiúint do Dhiocletianus Impire

313: Cosc a bhaint den gCríostaíocht ar fuaid Impireacht na Róimhe do Chonstantinus Mór

563: Bunú Mhainistir Í do Cholum Cille (Colum Cille i n-ailithre *Annála*)

622: Aistriú Muhammad ó Mhecca go Medina agus tús a chur le féilire Ioslam

735: Bás Beda (Beda sapiens quieuit in Christo *Annála*)

793: Slad Lindisfarne le Lochlannaigh

c. 800: Breacadh agus maisiú Leabhar Ceanannais

830: Bunú Thigh na Gaoise (leabharlann agus lárionad aistriúcháin) i mBaghdad.

950: Tús le dTréimhse Bhog na Meánaoise sa cheantar Atlantach i dtuaisceart an domhain

974: Peann tobair a chruthú ar iarratas Al-Mu'izz li-Din Allah

1001: Seal a thabhairt ag Lochlannaigh i Meiriceá Thuaidh, in Vinland, a mheastar a bhí i dTalamh an Éisc

1021: An chéad úrscéal riamh, *Eachtra Genji*, a cheapadh do Murasaki Shikibu sa tSeapáin

1025: Canón an Leighis a chríochnú do Ibn Sina, saoi Peirseach. Fanann ina bhunleabhar leighis go ceann 800 blian.

1066: Cath Hastings a bhriseadh ar Shacsaibh d'Uilliam Concur

1088: Cló inbhogaithe a chruthú sa tSín

c.1100: *Lebor na hUidhre* a scríobh do Mhaol Muire i gCluain Mhic Nóis.

1117: Bunú Ollscoil Oxford

1209: Bunú Ord na bProinsiasach

1298: Eachtra Mharco Polo a dheachtadh. Leagan Gaeilge d'aistriú Francesco Pipino i Leabhar Leasa Móir c. 1480.

1325: Bunú chathair Tenochtitlan (lár Chathair Mheicsiceo anois), lárionad na nAztec ar ball

1347: Teidhm mhór san Eoraip agus trian an phobail a mharú

1439: Cló inbhogaithe a thabhairt isteach in Mainz do Johannes Gutenberg

Dein t’ánnála féin

Is éard is annála ann, tuairisc ar imeachtaí suaithinseacha an tsaoil a scrígh scoláirí sna sean-mhainistreacha. Is gnách go dtosnaíonn na tuairiscí bliantúla le ‘K’. Dein t’ánnála féin a scríobh faoi scáth an taispeántais seo, agus tú ag tagairt do na himeachtaí is mó atá dulta ibhfeidhm ort go dtí seo in 2026.

Leathanach teidil *Focalóir póca sagsbhéurla agus Gáedhilge* (1890) le Pádraic Stúndún, Corcaigh. LS 202, Leabharlann UCC.

'Is breá í an fhoidhnna': dréacht de dhearadh leabharmhairc le Elizabeth Friedlander, 1960í, bunaithe ar mhaisiú Leabhar Cheanannais. Cnuasach Friedlander, Leabharlann UCC.

Leabhar Leasa Móir f49v (ceannlitir E): Cnuasach de sheanchas agus de scéalta Gaeilge (cuid acu aistrithe ón Laidin) atá sa lámhscríbhinn mhór seo. Léiriú is ea é ar an ábhar liteartha a thaithin le duine uasal Gaelach sa chúigiú haois déag. LS 204, Leabharlann UCC.

Beatha Fhinnchua (dhá phictiúr): cóip a dhein Seosamh Ó Longáin as Leabhar Leasa Móir c. 1856. As Leabhar Bhaile an Mhóta don 'I' maisithe sa dara phictiúr. LS 90, Leabharlann UCC

Seanuid na mBan, Mícheál Óg Ó Longáin (1821). LS 206, Leabharlann UCC.

Buíochas

Institiúidí a thug ábhar ar iasacht:

The Bodleian Libraries, University of Oxford; Músaem Náisiúnta na hÉireann.

Fuair an taispeántas maoiniú flaithiúil uathu seo leanas:

– The Bodleian Libraries, University of Oxford

– An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra

– Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta

– Fexco agus Brian McCarthy

– Comhairle Chontae Chiarraí

– Daonchairdeas príomháideach ó Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí

– Ciste Straitéiseach Uachtarán UCC

Comhairleoir Speisialta: Pádraig Ó Macháin

Sainchúnamh: Ken Ó Donnchú and Cáit Pléimionn

Ábhar agus Aistriúcháin na bPainéal : Pádraig Ó Macháin

Bainisteoir Togra an Taispeántais: Elaine Harrington

Ábhair chlóite in 3D agus Closamharc: An Mheitheal Theicneolaíochta, Leabharlann UCC

Dearadh an Taispeántais: Jonathan Ó Laocha Maharaj, UCC Academy

Réiteach an Taispeántais: Coolgrey Design.

Láimhseáil Ealaíne: Maurice Ward and Constantine

Buíochas faoi leith le

Richard Ovenden, Craig McPhedran, Sallyanne Gilchrist, Martin Kauffmann and Mike Webb, Bodleian Libraries.

Éimear O'Connor, Matthew Seaver, Faith Nolan, Paul Mullarkey, Maeve Sikora,.Ard-Mhúsaem na hÉireann.

Tá an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (SPNF), i gcomhpáirt lena heagraíocht mhuinteartha, Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, an-shásta tacú leis an dtaispeántas seo.

Comhartha is ea an tacaíocht seo ar chúram an SPNF mar choimeádaí Inse Faithlinn laistigh de Pháirc Náisiúnta Chill Airne. Aitheantas is ea é ar chomhfhreagarthacht an dá Sheirbhís i gcaomhnú oidhreacht neamhchoitianta an oileáin maidir le dúlra, seandálaíocht agus dúchas de.

Tá cáil ar Pháirc Náisiúnta Chill Airne as a tírdhreacha iontacha, a bithéagsúlacht, agus as an stair agus an dúchas saibhir eaglastúil. Croílár an scéil sin is ea tradisiúin na luathmhainistreacha, a bhfuil Inis Faithlinn ar na lárionaid is tábhachtaí agus is spleodraí.

Páirc Náisiúnta Chill Airne agus Oifig na nOibreacha Poiblí a sholáthraigh ceadúnais chun dul i dtír ar Inis Faithlinn.

Finbarr Kennelly, Mike O'Conor, Harold Clifton as seanchas an oileáin a sholáthar.

Fiona Kearney agus foireann an Glucksman, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Kerry Bryson agus Fondúireacht Ollscoile Corcaí.

Ár mbuíochas chomh maith leis an iliomad d'fhoireann na Leabharlainne agus na hOllscoile a d'oibrigh go crua díograiseach ar an dtogra seo, go háirithe Liz Jolly and Paul McSweeney, Aaron Bolger, Paul Davidson, Alan Deasy, John Fitzgerald, Eoin Hahessy, Sean Kelly, Joe Leogue, Angela Long, Grace McGlynn, Kate McSweeney, Louise O'Connor, Martin O'Driscoll, William Ruane, Declan Synott and Carol Walshe.